

ELeathanach274

Dé Luain 21 Deireadh Fómhair 2017

Ed Sheeran Bocht

Is amhránaí agus giotáraí é Ed Sheeran. Tá sé fiche a sé bliain d'aois. Tá clú agus cáil air ar fud an domhain agus is breá le muintir na hÉireann é, go háirithe na déagóirí. Agus is breá le hEd Éire freisin. Scríobh sé cúpla amhrán faoin tír seo. Tá a mhamó ina cónaí anseo.

An tseachtain seo caite bhí timpiste ag Ed bocht áfach. Bhí sé amuigh ag rothaíocht agus thit sé den rothar. Bhris sé a dheasóg; sin a lámh dheas. Ní bheidh sé in ann an giotár a sheinm arís go ceann tamaillín. Chuir sé pictiúr ar *Twitter* ag insint do dhaoine gur bhris sé a lámh.

Nuair a sheineann sé ar an ardán ní bhíonn aon bhanna ceoil in éineacht leis. Mar sin ní féidir leis dul ar camchuairt arís go ceann cúpla mí. An fear bocht! Ach beidh deis aige anois cúpla amhrán nua a chumadh - lena chiotóg!



Chuir Ed an pictiúr seo ar *Twitter* ag taispeáint gur bhris sé a dheasóg.

D'imigh an gaineamh ach tháinig sé ar ais tar éis 20 bliain

I 1984 bhí stoirm mhór in iarthar na tíre. Bhain an stoirm an gaineamh go léir ó Thrá Dumhach ar Oileán Acla i gContae Mhaigh Eo. Bhí an gaineamh go léir imithe san fharraige agus ní raibh ach clocha agus carraigeacha fágtha cois farraige.

Níos luaithe i mbliana tháinig tonnta móra agus chuir an fharraige gaineamh ar ais. Anois tá trá dheas nua ar oileán Acla. Tá muintir na háite sona sásta go bhfuil an trá ar ais. Tháinig a lán daoine ar cuairt chun an trá a fheiceáil agus iad ar laethanta saoire.



Dornálaíocht: troid thábhachtach ag Katie Taylor

Is dornálaí í Katie Taylor ó Bhré i gContae Chill Mhantáin. Bhuaigh sí bonn óir sna cluichí oilimpeacha in 2012. Ansin in 2016 thosaigh sí ag dul in iomaíocht mar dhornálaí gairmiúil. Ciallaíonn sin go bhfaigheann sí íocaíocht. Ó thosaigh sí sna comórtais seo throid sí 6 huairte agus bhuaigh sí gach ceann go dtí seo.

Dé Sathairn seo chugainn beidh sí ag troid arís. Beidh sí ag déanamh iarrachta an bua a fháil ar Anahi Esther Sanchez. I mí Mheán Fómhair bhí an bua ag Sanchez i gcomórtas. Is í an curadh domhanda í. Is í Sanchez an dornálaí is fearr ar domhan sa rannóg éadrom-mheácháin na mban.

Má tá an bua ag Katie Dé Sathairn beidh sí ina curadh domhanda go dtí go gcailleann sí i dtroid i gcoinne dornálaí eile. Beidh an troid ar siúl i Caerdydd, an phríomhchathair sa Bhreatain Bheag.

